Iniúchadh Bliantúil ar an bPróiseas Sceidealaithe agus Seolta

Comhairliúchán Téarmaí Tagartha 2026 agus 2027 maidir leis an Raon Feidhme Beartaithe

09/06/2026

EirGrid SONI

Séanadh

Maidir le EirGrid ina cháil mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) d'Éirinn, agus SONI ina cháil mar OCT do Thuaisceart Éireann, ní dhéanann siad aon bharántaí ná uiríll d'aon chineál maidir leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad seo. Ní ghlacaimid le haon dliteanas as aon chaillteanas ná damáiste a eascraíonn as an doiciméad seo a úsáid nó as bheith ag brath ar aon fhaisnéis atá ann. Is ar phriacal an úsáideora amháin a bhaintear úsáid as an bhfaisnéis atá sa pháipéar comhairliúcháin seo le haghaidh aon chineál cinnteoireachta.

CÓIPCHEART © EirGrid SONI
Gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar aon chuid den saothar seo a mhodhnú, a atáirgeadh ná a chóipeáil i bhfoirm ar bith - ná trí mheán grafach, leictreonach ná meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, téipeáil ná córas faisnéise agus aisghabhála, ná a úsáid chun aon chríche seachas a chuspóir ainmnithe, gan cead i scríbhinn a fháil ó EirGrid agus SONI.

Clár Ábhar

1. Réamhrá leis an gComhairliúchán 4
2. Ceanglais Tuairiscithe 5
3. Raon feidhme beartaithe Iniúchtaí 2026 agus 2027 5
4. Eisiaimh ón Raon Feidhme 11
5. An Próiseas Comhairliúcháin 12

1. Réamhrá leis an gComhairliúchán

I gcomhréir le hAlt 9 de Choinníoll 10A agus Coinníoll 22A de na Ceadúnais faoi seach maidir le hOibritheoirí Córais Tarchurtha, ceanglaítear ar EirGrid cpt agus SONI Teoranta ('na hOibritheoirí Córais Tarchurtha') iniúchadh tréimhsiúil ar oibriú agus cur i bhfeidhm an phróisis sceidealaithe agus seolta a ghabháil de láimh. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas Sceidealaithe cinneadh a dhéanamh maidir leis an teaglaim optamach d'aonaid ghiniúna thiomnaithe atá le sceidealú chun freastal ar an éileamh tuartha thar an gcéad 30 uair an chloig eile. Cinntítear leis an bpróiseas sin go gcoinneofar an córas tarchurtha ag oibriú ar bhealach slán agus iontaofa, trí na haonaid tiomnaithe a sheoladh ina dhiaidh sin le linn na tréimhse 30 uair an chloig sin. Leis na Sceidil Fhadtéarmacha soláthraítear sceideal seolta tosaigh 30 uair an chloig do ghineadóirí, lena mionsonraítear na haonaid tiomnaithe agus a leibhéil seolta ionchais don tréimhse 30 uair an chloig atá le teacht. Ar an gcaoi sin, is féidir le OCT na hacmhainní giniúna atá ar fáil a sceidealú agus a sheoladh go hoptamach chun an t-éileamh a bhfuil coinne leis a shásamh, fad a chloítear le sriantaí slándála córais agus ceanglais oibríochtúla. Is éard atá i gceist le seoladh ná soláthar agus éileamh a chothromú i bhfíor-am, fad is a ndéantar na sriantaí slándála uile a chomhlíonadh agus an t-aschur ó aonaid tosaíochta a uasmhéadú.

I gcoinníollacha an cheadúnais sonraítear an méid seo a leanas –

'Déanfaidh an Ceadúnaí socrú chun go ndéanfar iniúchadh tréimhsiúil ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta, ar a oibriú agus ar a chur i bhfeidhm de réir treoracha a thugtar dó nó di ó am go chéile … i leith cibé ábhair a mheasann ... (an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus an Rialtóir Fóntais (dá ngairtear le chéile 'na hÚdaráis Rialála')) … a bheith iomchuí, lena n-áirítear…

> (A) an mhinicíocht, an tréimhse iniúchóireachta, an próiseas agus an t-amchlár le haghaidh an iniúchta.
>
> (B) roghnú, ceapadh agus tionacht duine nó gnólachta chun an t-iniúchadh a dhéanamh.
>
> (C) na téarmaí tagartha don iniúchadh.
>
> (D) foilsiú na tuarascála iniúchóireachta agus aon ábhar ábhartha eile;'

Mairfidh tréimhse iniúchóireachta 2026 ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 agus an dá lá sin san áireamh ("iniúchadh 2026"). Mairfidh tréimhse iniúchóireachta 2027 ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus an dá lá sin san áireamh ("iniúchadh 2027").

Leis an doiciméad seo, leagtar amach na Téarmaí Tagartha ("ToR") le haghaidh iniúchtaí 2026 agus 2027 araon ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta lena n-áirítear an raon feidhme beartaithe. Fáiltíonn na hOibritheoirí Córais Tarchurtha roimh thuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis an raon feidhme a bheartaítear i gCuid 3.

Bhain an doiciméad Téarmaí Tagartha maidir leis an iniúchadh Sceidealaithe agus Seolta roimhe sin leis an tréimhse dhá bhliain lena gclúdaítear na blianta féilire 2024 agus 2025; ar an dóigh chéanna, baineann an doiciméad seo le tréimhse dhá bhliain lena gclúdaítear na blianta féilire 2026 agus 2027 agus tá sé gan athrú den chuid is mó cé is moite den mhéid seo a leanas:

- Áiríodh na hairteagail faoi cholún CzA (Gníomhaíochtaí Traslimistéir) sa raon feidhme

2. Ceanglais Tuairiscithe

Is éard a bheidh mar thoradh ar iniúchadh 2026 agus iniúchadh 2027, rud a dhéanfaidh Iniúchóir seachtrach neamhspleách, Tuarascáil um Dhearbhú le haghaidh gach tréimhse iniúchóireachta lena gclúdaítear an bhliain féilire iomlán ó mí Eanáir go mí na Nollag, lena n-áirítear tuairim maidir le ceanglais rialála shonracha a bheith á gcomhlíonadh ag na hOibritheoirí Córais Tarchurtha de réir mar a bhaineann siad le gnéithe sonraithe den phróiseas sceidealaithe agus seolta le haghaidh na dtréimhsí iniúchóireachta.

Is éard a bheidh i gceist leis an dearbhú, dearbhú Iontaofachta Réasúnta i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta 3000 (Athbhreithnithe), - 'Assurance engagements other than audits or reviews of historical financial information' [Dearbhuithe Iontaofachta seachas iniúchtaí nó athbhreithnithe ar fhaisnéis airgeadais stairiúil] a d'eisigh an Bord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Iniúchóireachta agus Dearbhaithe.

Is éard a bheidh sa Tuarascáil um Dhearbhú ná Tuairim lena dtagraítear do Dhoiciméad Cuir Chuige lena bhféadfar faisnéis mhionsonraithe a áireamh maidir le téarmaí an dearbhaithe, na critéir is infheidhme a úsáideadh, na torthaí a sainaithníodh i ndáil le gnéithe ar leith den dearbhú, mionsonraí maidir leis na cáilíochtaí a sainaithníodh, mionsonraí maidir le taithí an chleachtóra agus na ndaoine aonair a bhí rannpháirteach sa dearbhú, nochtadh maidir le leibhéil ábharthachta agus aon mholtaí suntasacha.

Maidir leis an Iniúchóir, agus a mheasúnú nó a measúnú á dhéanamh aige nó aici, déanfaidh sé nó sí measúnú ar an riosca a bhaineann le neamhchomhlíonadh ábhartha i ndáil leis na ceadúnais agus na cóid atá laistigh de raon feidhme na Tuarascála um Dhearbhú. I réimsí ina sainaithníonn sé nó sí rioscaí sonracha, nó ina sainaithnítear laigí agus rialuithe inmheánacha sonracha á n-oibriú, déanfar tuilleadh tástálacha substainteacha. Cuirfidh an tIniúchóir an measúnú sin ar rioscaí agus freagraí is infheidhme i láthair sna Tuarascálacha um Dhearbhú i ndáil le hIniúchadh 2026 agus Iniúchadh 2027. Tá sé i gceist go n-eiseofar an doiciméad maidir leis an Tuarascáil um Dhearbhú an Iniúchta agus leis an gCur Chuige chuig na hÚdaráis Rialála laistigh de shé mhí ó dheireadh gach tréimhse iniúchóireachta. Mar sin féin, beidh an tréimhse feithimh spleách ar mhéid agus dáta foilseacháin an raoin feidhme. Thairis sin, maidir leis an tuarascáil iniúchóireachta do na blianta 2026 agus 2027, foilseoidh na hOibritheoirí Córais Tarchurtha iad ina dhiaidh sin, in 2027 agus 2028 faoi seach.

3. Raon feidhme beartaithe Iniúchtaí 2026 agus 2027

Tá an t-iniúchadh ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta ar leithligh ón Iniúchadh ar an Margadh maidir le Cód Trádála agus Socraíochta MLA agus ón Iniúchadh ar an Margadh maidir le Cód Margaidh Acmhainne MLA. Leagtar amach na hoibleagáidí le haghaidh na n-iniúchtaí sin sa Chód Trádála agus Socraíochta agus sa Chód Margaidh Acmhainne. Beartaíonn na hOibritheoirí Córais

Tarchurtha go leanfadh raon feidhme na n-iniúchtaí de bheith ar leithligh ón iniúchadh ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta.

Beartaíonn na hOibritheoirí Córais Tarchurtha gurb éard a bheidh i gceist le raon feidhme an iniúchta ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta ná measúnú i leith ceanglais rialála (dá ngairtear 'Na Ceanglais' le chéile) a bheith á gcomhlíonadh againn de réir mar a bhaineann siad le gnéithe sonraithe den phróiseas sceidealaithe agus seolta le haghaidh na dtréimhsí ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 agus ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Is faoin Iniúchóir atá sé measúnú a dhéanamh ar bhonn samplach ar cé acu atá nó nach bhfuil na Ceanglais á gcomhlíonadh ag na hOibritheoirí Córais Tarchurtha i leith na ngnéithe sonraithe den phróiseas sceidealaithe agus seolta mar a luaitear thíos.

Ábhair a bhreithneofar laistigh de raon feidhme na Tuarascála um Dhearbhú

Beartaítear na Ceanglais a leagtar amach thíos de réir mar a bhaineann siad le gnéithe sonraithe den phróiseas sceidealaithe agus seolta lena n-áireamh laistigh de raon feidhme Iniúchadh 2026 agus Iniúchadh 2027 ina dhiaidh sin.

#	Míreanna faoin Raon Feidhme	Critéir EirGrid[1]	Critéir SONI[1]
1	Seoladh Tosaíochta	Ceadúnas OCT EirGrid Coinníoll 10A – Alt 4(a) nó (b) agus 5(f), (i) Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Tábla cothromaithe acmhainne • Teagmhais Chiorrúcháin • Teagmhais Sriantaí • Logaí gaoithe Ceanglais eile: MLA-11-062 Páipéar Cinnidh Choiste MLA maidir le Prionsabail Seolta	Ceadúnas OCT SONI Coinníoll 22A – Alt 4(a) nó (b) agus 5(f), (i) Coinníoll 9A Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Tábla cothromaithe acmhainne • Teagmhais Chiorrúcháin • Teagmhais Sriantaí • Logaí gaoithe Ceanglais eile: MLA-11-062 Páipéar Cinnidh Choiste MLA maidir le Prionsabail Seolta

[1] Soláthraítear naisc chuig leaganacha reatha de cheadúnais agus cóid ar mhaithe le soiléire. Más rud é go bhfoilseofar aon leaganacha nua de na ceadúnais agus de na cóid shonracha sin tar éis dháta an chomhairliúcháin seo, leanfaidh na hailt a luaitear i ngach ceadúnas agus cód de bheith faoin raon feidhme ar choinníoll nach ndéanfar aon athruithe ábhartha ar shubstaint an ailt. I gcás ina ndéantar athruithe ábhartha ar shubstaint na n-alt, is gá do OCT an raon feidhme a athmheas. Foilseofar raon feidhme deiridh na gceadúnas agus na gcód le haghaidh Iniúchtaí 2026 agus 2027 sna Tuarascálacha um Dhearbhú faoi seach.

		agus Deartha Sceideal an Mhargaidh sa Chód Trádála agus Socraíochta Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Seoladh Tosaíochta i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 3.1, 4.4.4 agus 4.5.2, agus Aguisín 1.3 ó BMPS.	agus Deartha Sceideal an Mhargaidh sa Chód Trádála agus Socraíochta Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Seoladh Tosaíochta i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 3.1, 4.4.4 agus 4.5.2, agus Aguisín 1.3 ó BMPS.
2	Gníomhaíochtaí Traslimistéir	Leagtar amach na critéir agus na prionsabail don phróiseas Gníomhaíochtaí Traslimistéir in Airteagail 3:15 agus 3:16 de na Socruithe Eatramhacha Traslimistéir OCT le haghaidh tosach feidhme GB-ISEM, rud atá oiriúnach do dhearbhú ISAE 3000. An mhodheolaíocht agus an próiseas a shainítear sa Nós Imeachta maidir le Glanacmhainn an Aistrithe d'Idirnascairí (NTC) don Chéad Lá Eile a úsáidtear chun luachanna NTC le haghaidh idirnascairí a chinneadh. Interconnector-Net-Transfer-Capacity-Calculation-Procedure-June-2024.pdf) Aon doiciméad, córas nó nós imeachta ábhartha eile lena dtacaítear le Gníomhaíochtaí Traslimistéir a chur i bhfeidhm agus lena ndéantar eolas do chinnteoireacht Oibreoirí Córais, i gcás ina bhfuil tionchar díreach ag an gcur i bhfeidhm sin ar shlándáil an chórais le linn an achair ama maidir le Sceidealú agus Seoladh. MLA-24-025 Socruithe Cúitimh maidir le Laghduithe ar Ghlanacmhainn an Aistrithe Cuid 6 Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Praghsanna agus Méideanna le haghaidh Gníomhaíocht	Leagtar amach na critéir agus na prionsabail don phróiseas Gníomhaíochtaí Traslimistéir in Airteagail 3:15 agus 3:16 de na Socruithe Eatramhacha Traslimistéir OCT le haghaidh tosach feidhme GB-ISEM, rud atá oiriúnach do dhearbhú ISAE 3000. An mhodheolaíocht agus an próiseas a shainítear sa Nós Imeachta maidir le Glanacmhainn an Aistrithe d'Idirnascairí (NTC) don Chéad Lá Eile a úsáidtear chun luachanna NTC le haghaidh idirnascairí a chinneadh. Interconnector-Net-Transfer-Capacity-Calculation-Procedure-June-2024.pdf) Aon doiciméad, córas nó nós imeachta ábhartha eile lena dtacaítear le Gníomhaíochtaí Traslimistéir a chur i bhfeidhm agus lena ndéantar eolas do chinnteoireacht Oibreoirí Córais, i gcás ina bhfuil tionchar díreach ag an gcur i bhfeidhm sin ar shlándáil an chórais le linn an achair ama maidir le Sceidealú agus Seoladh. MLA-24-025 Socruithe Cúitimh maidir le Laghduithe ar Ghlanacmhainn an Aistrithe Cuid 6 Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Praghsanna agus Méideanna le haghaidh Gníomhaíocht

		Traslimistéir i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 3.3 agus 3.4.6 de BMPS	Traslimistéir i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 3.3 agus 3.4.6 de BMPS
3	Treoracha maidir le Seoladh	Ceadúnas OCT EirGrid Coinníoll 10A – Alt 2, 4 agus 5 Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Minicíocht (Coinníoll 10A Alt 2, Cód Eangaí EirGrid CC. 8.2.1) • Fógraí Fisiciúla (Coinníoll 10A Alt 2(a)(i), 4 agus 5(b)) • Gineadóirí a dhearbhaíonn nach bhfuil siad ar fáil (Coinníoll 10A Alt 2(a)(ii)) • Aonaid ghiniúna nach bhfuil faoi réir seoladh lárnach (Coinníoll 10A Alt 2(a)(iv)) • Éaradh Seirbhíse an Chórais Tarchurtha (Coinníoll 10A Alt 2(b)) • Éileamh réamhaisnéise laethúil (Coinníoll 10A Alt 4 agus 5(a)) • Paraiméadair Bheartais maidir le Sceidealú agus Seoladh (Coinníoll 10A Alt 4 agus 5(c)) • Sonraí maidir le Tairiscint Theicniúil Gineadóirí (Coinníoll 10A Alt 4 agus 5(e)) • Cláir Tagartha Idirnascairí (“ICRPanna”) (Coinníoll 10A Alt 4 agus 5(f)) Ceanglais eile: Le haghaidh Thréimhse Iniúchadh 2026: Páipéar Cinnidh MLA-25-059 maidir le Paraiméadair Sceidealaithe agus Sheolta an Chóid Trádála agus Socraíochta 2026 Níor reáchtáladh comhairliúchán 2027 maidir leis na Paraiméadair Sceidealaithe agus Sheolta go fóill.	Ceadúnas OCT SONI Coinníoll 22A – Alt 2, 4 agus 5 Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Minicíocht (Coinníoll 22A Alt 2, Cód Eangaí SONI CC. 5.3.1) • Fógraí Fisiciúla (Coinníoll 22A Alt 2(a)(i), 4 agus 5(b)) • Gineadóirí a dhearbhaíonn nach bhfuil siad ar fáil (Coinníoll 22A Alt 2(a)(ii)) • Aonaid ghiniúna nach bhfuil faoi réir seoladh lárnach (Coinníoll 22A Alt 2(a)(iv)) • Éaradh Seirbhíse an Chórais Tarchurtha (Coinníoll 10A Alt 2(b)) • Éileamh réamhaisnéise laethúil (Coinníoll 10A Alt 4 agus 5(a)) • Paraiméadair Bheartais maidir le Sceidealú agus Seoladh (Coinníoll 22A Alt 4 agus 5(c)) • Sonraí maidir le Tairiscint Theicniúil Gineadóirí (Coinníoll 22A Alt 4 agus 5(e)) • Cláir Tagartha Idirnascairí (“ICRPanna”) (Coinníoll 22A Alt 4 agus 5(f)) Ceanglais eile: Le haghaidh Thréimhse Iniúchadh 2026:Páipéar Cinnidh MLA-25-059 maidir le Paraiméadair Sceidealaithe agus Sheolta an Chóid Trádála agus Socraíochta 2026 Níor reáchtáladh comhairliúchán 2027 maidir leis na Paraiméadair Sceidealaithe agus Sheolta go fóill.

		Cód Eangaí EirGrid CC. 8.2.1 Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi conas a chuirtear Treoracha maidir le Seoladh i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 4.4 de BMPS	Cód Eangaí SONI CC 5.3.1 Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi conas a chuirtear Treoracha maidir le Seoladh i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 4.4 de BMPS
4	Orduithe Fiúntais	Ceadúnas OCT EirGrid Coinníoll 10A – Alt 3 Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Orduithe Fiúntais ar Líne • Orduithe Fiúntais as Líne Ceanglais eile: Cód Eangaí EirGrid SDC 1.4.7.3 nó SDC1.4.7.4 agus SDC2.4.2.14 Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Ordú Fiúntais i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 2.3 de BMPS	Ceadúnas OCT SONI Coinníoll 22A – Alt 3 Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Orduithe Fiúntais ar Líne • Orduithe Fiúntais as Líne Ceanglais eile: Cód Eangaí SONI SDC 1.4.8.3 nó SDC1.4.8.4 agus SDC2.4.2.14 Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Ordú Fiúntais i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 2.3 de BMPS
5	Sriantaí Oibríochtúla	Ceadúnas OCT EirGrid Coinníoll 10A – Alt 4(a)(b) agus 5(d) Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Cúltacaí córais • Táimhe • Teorainneacha oibriúcháin • Luachanna Líne Ceangail	Ceadúnas OCT SONI Coinníoll 22A – Alt 4(a)(b) agus 5(d) Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Cúltacaí córais • Táimhe • Teorainneacha oibriúcháin • Luachanna Líne Ceangail Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Sriantaí

		Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chuirtear Sriantaí Oibríochtúla i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 3.4.3 agus 4.5.1 de BMPS	Oibríochtúla i bhfeidhm laistigh de Sceidealú agus Seoladh, féach Cuid 3.4.3 agus 4.5.1 de BMPS
6	Marcáil Sriantaí	An Cód Tráchtála agus Socraíochta Tairiscintí agus Ofrálacha Inghlactha a Mharcáil E.3.3.1 An Cód Tráchtála agus Socraíochta Cuid B Aguisíní, AGUISÍN N: Marcáil agus Clibeáil, Marcáil Oibreoirí Córais agus Neamh-Imeallach Alt 1-5 Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Bratacha Oibreoirí Córais (Modheolaíocht chun Bratacha Oibreoirí Córais agus Neamh-Imeallacha a Chinneadh (2.1,2.2)) • Bratacha Neamh-Imeallacha (Modheolaíocht chun Bratacha Oibreoirí Córais agus Neamh-Imeallacha a Chinneadh (2.3)) Tagairt don mhodheolaíocht: Modheolaíocht chun bratacha oibreoirí córais agus neamh-imeallacha a chinneadh.	An Cód Tráchtála agus Socraíochta Tairiscintí agus Ofrálacha Inghlactha a Mharcáil E.3.3.1 An Cód Tráchtála agus Socraíochta Cuid B Aguisíní, AGUISÍN N: Marcáil agus Clibeáil, Marcáil Oibreoirí Córais agus Neamh-Imeallach Alt 1-5 Ar na réimsí áiríodh an méid seo a leanas ach ní raibh siad teoranta dó: • Bratacha Oibreoirí Córais (Modheolaíocht chun Bratacha Oibreoirí Córais agus Neamh-Imeallacha a Chinneadh (2.1,2.2)) • Bratacha Neamh-Imeallacha (Modheolaíocht chun Bratacha Oibreoirí Córais agus Neamh-Imeallacha a Chinneadh (2.3)) Tagairt don mhodheolaíocht: Modheolaíocht chun bratacha oibreoirí córais agus neamh-imeallacha a chinneadh.
7	Rialuithe Ginearálta TF a cheanglaítear chun tacú leis na réimsí a luaitear i	Cé nach bpléitear a leithéid go sonrach sna rialacháin, tá ríthábhacht ag baint le cothabháil OCT ar Rialuithe Ginearálta TF ar na príomhchórais lena dtacaítear le míreanna 1-6 thuas, agus sin maidir leis an gcur chuige tástála foriomlán. Bhí an tástáil dírithe ar na réimsí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme, maidir leis na rialuithe a bhí faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag na hOibritheoirí Córais Tarchurtha ar na córais faoin raon feidhme – agus is éard a bhí iontu; An Córas Bainistíochta Margaidh (“MMS"), An Logálaí Leictreonach Treoracha Seolta (“EDIL”), An Uirlis Seolta Gaoithe (“WDT") agus an tArdán Bainistíochta Idirnascaire (“ICMP”).	

	míreanna 1-6 thuas	

4. Eisiaimh ón Raon Feidhme

Eisiatar an méid seo a leanas go sonrach ó na Dearbhuithe Iontaofachta

- Na halgartaim a bhaineann leis na hinnill optamúcháin, lena dtairgtear na sceidil a bhaineann le Sceidealú Fadtéarmach ("LTS"), le Tiomantas Fíor-Ama ("RTC") agus le Seoladh Fíor-Ama ("RTD"), a úsáidtear sa phróiseas sceidealaithe agus seolta.

- An próiseas Praghsála Éagothroime a tharlaíonn tar éis don phróiseas sceidealaithe agus seolta teacht chun deireadh.

- Bailíochtú ar na sonraí a chuireann na rannpháirtithe faoi bhráid na nOibritheoirí Córais Tarchurtha.

- Ionchuir amhail réamhaisnéisí a sholáthraíonn tríú páirtithe.

- Ionchuir amhail pleananna maidir le héaradh seirbhíse tarchurtha agus gineadóirí.

- Sriantaí oibríochtúla a dhíorthú;

- Gníomhaíochtaí a rinne na hOibritheoirí Córais Tarchurtha le rannpháirtithe margaidh chun saincheisteanna feidhmíochta a réiteach le linn an phróisis sceidealaithe agus seolta;

- Measúnú ar chomhlíonadh na nOibritheoirí Córais Tarchurtha i ndáil le haon rialacháin seachas na cinn dá dtagraítear go sonrach sa tábla thuas.

- Aon rialacháin dá ndéantar crostagairt laistigh de na rialacháin a liostaítear mar na critéir ach nach sainaithnítear go sonrach mar na critéir féin, seachas na cinn dá dtagraítear go sonrach sa tábla thuas.

- Bailíochtú go bhfuil na sonraí a fhoilsítear i ndáil le gnéithe sonraithe an phróisis sceidealaithe agus seolta ar shuíomhanna gréasáin EirGrid (https://www.eirgrid.ie/), SONI (https://www.soni.ltd.uk/), agus SEMO (https://www.sem-o.com/) iomlán agus cruinn, mura n-áirítear iad go sonrach i nósanna imeachta tástála, mar shampla, Nuashonruithe ar Shriantaí Oibríochtúla;

- Measúnú ar chomhlíonadh na cuideachta i ndáil leis an Rialachán maidir le hIontaofacht agus Trédhearcacht na Margaí Fuinnimh Mórdhíola (REMIT); go gcuirfear réiteach iomlán i bhfeidhm, tráth a bhreithneofar é lena áireamh.

- Measúnú ar na cinntí oibriúcháin fíor-ama a dhéanann na hOibritheoirí Córais Tarchurtha agus nósanna imeachta oibriúcháin inmheánacha atá ábhartha maidir leis na gnéithe sonraithe den phróiseas sceidealaithe agus seolta á gcur i bhfeidhm.

- Bailíochtú go ndearnadh cothabháil gach tráth ar an gcóras slándála; agus

- Aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le Socruithe Eatramhacha OCT Traslimistéir le haghaidh chur i bhfeidhm GB-ISEM (ICZA) nach gníomhaíochtaí Oibreoirí Córais iad nó ar gníomhaíochtaí Oibreoirí Córais fadtéarmacha iad a tharlaíonn roimh Sceidealú agus Seoladh lasmuigh den achar ama maidir le Sceidealú agus Seoladh, amhail ríomhanna acmhainne fadtéarmaí agus ceantanna acmhainne.

5. An Próiseas Comhairliúcháin

Fáiltíonn na hOibritheoirí Córais Tarchurtha roimh thuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis an raon feidhme a bheartaítear mar a chuirtear síos orthu i gCuid 3, go háirithe maidir leis na hábhair a bhreithneofar faoin raon feidhme agus ábhair a eiseofar le haghaidh dhearbhuithe Iniúchtaí 2026 agus 2027.

Iarrtar ar na freagróirí aghaidh a thabhairt go díreach ina bhfreagra ar an méid a bheartaítear a áireamh agus a eisiamh agus bonn le háirimh nó eisiaimh bhreise a sholáthar i.e. agus ceadúnas, cód nó oibleagáid dhlíthiúil ábhartha á lua.

Tá an raon feidhme do 2027 á chur san áireamh ag na hOibritheoirí Córais Tarchurtha sa chomhairliúchán seo chun bheith in ann tús a chur leis an bpróiseas iniúchóireachta do 2027 a luaithe is féidir tar éis iniúchadh 2026 a chur i gcrích.

Tá an raon feidhme beartaithe i gcomhréir leis an iniúchadh roimhe sin cé is moite dá luaitear i gCuid 1 Alt 4. Dá bhrí sin, is féidir gur mian leis na freagróirí doiciméad 2024 maidir leis an Tuarascáil um Dhearbhú an Iniúchta agus leis an gCur Chuige a bhreithniú agus a n-aiseolas á fhorbairt acu.

Ba cheart do na freagróirí a n-aiseolas a chur isteach mar ríomhphost chuig OpsCompliance@eirgrid.com agus/nó OpsCompliance@SONI.ltd.uk roimh **5pm Dé hAoine an 17 Iúil 2026.**